



AITHEASC AN UACHTARÁIN JUNCKER AR STAID AN AONTAIS 2017

Tograí le haghaidh thodhchaí na hEorpa
is féidir a chur chun feidhme ar bhonn Chonradh
Liospóin

Mar chuid den Aitheasc a thug an tUachtarán Juncker uaidh ar Staid an Aontais an 13 Meán Fómhair 2017, leag sé amach an fhís atá aige do thodhchaí na hEorpa sa tréimhse idir seo agus 2025. Sa bhileog eolais seo tugtar míniú ar an gcaoi ar féidir an méid atá beartaithe ag an Uachtarán Juncker a bhaint amach trí leas iomlán a bhaint as Conradh Liospóin. Mar aon leis an Aitheasc ar Staid an Aontais, chuir an tUachtarán Juncker Litir Intinne mhionsonraithe i láthair ina bhfuil tograí nithiúla reachtacha agus neamhreachtacha maidir leis an gcaoi ar féidir na tionscnaimh a d'fhógair sé san Aitheasc a chur chun feidhme. In 2017/2018 seolfaidh an Coimisiún na tionscnaimh sin agus súil ar 2025, óir tá aird aige ar na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa a reáchtálfar i mí na Bealtaine/an Mheithimh 2019, ar coinne thábhachtach leis an daonlathas a bheidh ann ó thaobh an Aontais Eorpaigh de.

Aitheasc an Uachtaráin Juncker ar Staid an Aontais an 13 Meán Fómhair 2017

Míniú



VÓTÁIL TRÍ THROMLACH CÁILITHE I RÉIMSE AN MHARGAIDH AONAIR

'I gcás mórcheisteanna a bhaineann leis an margadh aonair, teastaíonn uaim, agus cinntí á ndéanamh sa Chomhairle, go n-úsáidfead vótáil trí thromlach cáilithe níos minice, go mbeidh próiseas na cinnteoireachta níos fusa agus go mbeidh a cothrom de pháirt ag Parlaimint na hEorpa sa phróiseas sin.'

Tionscnaimh atá le seoladh agus súil ar 2025, mar a leag an tUachtarán Juncker amach iad ina Litir Intinne an 13 Meán Fómhair 2017

'Teachtaireacht maidir leis an bhféidearthacht tuilleadh feabhais a chur ar an úsáid a bhaintear as vótáil trí thromlach cáilithe agus as an ngnáthnós imeachta reachtach in ábhair a bhaineann leis an margadh inmheánach, ar bhonn Airteagal 48(7) CAE.'

BEARTAS FUINNIMH

Le h**Airteagal 192 (2) CFAE** déantar foráil don fhéidearthacht an gnáthnós reachtach a dhéanamh infheidhme maidir le forálacha atá de chineál fioscach go príomha, lena n-áirítear bearta a dhéanann difear suntasach do rogha Bhallstáit idir foinsí éagsúla fuinnimh agus struchtúr ginearálta a sholáthair fuinnimh. Bheadh ar an gComhairle teacht ar chomhaontú d'aon toil faoi sin ar bhonn togra ón gCoimisiún agus i ndiaidh di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

BEARTAS SÓISIALTA

I réimsí áirithe den bheartas sóisialta, tá gá faoi láthair le cinneadh d'aon toil. Ar na réimsí sin tá cosaint oibrithe i gcás fhoirceannadh a gconartha oibre, comhchosaint leasanna oibrithe agus fostóirí, agus dálaí fostaíochta náisiúnach tríú tíortha ina gcónaí go dlíthiúil ar chríoch an Aontais. De réir **Airteagal 153(2) CFAE** ceadáítear na trí réimse sin a chur faoin ngnáthnós imeachta reachtach má chinneann an Chomhairle d'aon toil faoi thogra ón gCoimisiún Eorpach tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

BEARTAS CÁNACHAIS

Le h**Airteagal 48 (7) CAE**— clásal ginearálta 'passerelle' na gConarthaí — ceadáítear athrú ó vótáil d'aon toil go vótáil trí thromlach cáilithe nó ón nós imeachta reachtach speisialta go dtí an gnáthnós imeachta reachtach. Ní gá aon daingniú a dhéanamh sna Ballstáit ach d'fhéadfaí stop a chur leis an mbeart má chuireann Parlaimint náisiúnta amháin ina choinne. Ní gá gach saincheist chánachais a athrú go vótáil trí thromlach cáilithe in aon turas amháin, is féidir an t-athrú sin a dhéanamh i leaba a chéile, de réir téama nó cineálacha rátaí.

Le gur féidir leas a bhaint as **Airteagal 48(7) CAE**, is gá na coinníollacha seo a leanas a bheith comhlíonta:

- gur thug an Chomhairle Eorpach fógra do na parlaimintí náisiúnta maidir leis an rún atá aici an clásal 'passerelle' a chur i bhfeidhm;
- go bhfuil 6 mhí ag na parlaimintí náisiúnta agóid a dhéanamh agus má dhéanann parlaimint náisiúnta amháin agóid, nach

Aitheasc an Uachtaráin Juncker ar Staid an Aontais an 13 Meán Fómhair 2017

Míniú

- bhféadfaidh an Chomhairle an tionscnamh a ghlacadh;
- gur iarradh ar Pharlaimint na hEorpa toiliú trí thromlach na bhFeisirí a chomhdhéanann í;
- gur ghlac an Chomhairle Eorpach cinneadh d'aon toil.



VÓTÁIL TRÍ THROMLACH CÁILITHE I RÉIMSE AN BHEARTAIS EACHTRAIGH

'Teastaíonn uaim go ndéanfaidh na Ballstáit a mheas céard iad na cinní i dtaobh beartas eachtrach a d'fhéadfaí a athrú ó vótáil aontoilíochta go vótáil trí thromlach cáilithe.'

Tionscnaimh atá le seoladh agus súil ar 2025, mar a leag an tUachtarán Juncker amach iad ina Litir Intinne an 13 Meán Fómhair 2017

'Teachtairacht maidir leis an bhféidearthacht vótáil trí thromlach cáilithe a úsáid níos mó sa Chomhbheartas Eachtrach, ar bhonn Airteagal 31(3) de CAE.'

Le hAirteagal 31(3) CAE déantar foráil don fhéidearthacht athrú go vótáil trí thromlach cáilithe i gcás saincheistanna a bhaineann leis an gComhbheartas Eachtrach. Bheadh ar an gComhairle Eorpach teacht ar chomhaontú d'aon toil faoin athrú sin agus ní bheadh cinní i dtaobh impleachtaí míleata ná cosanta san áireamh.



AN COMHRAC I gCOINNE NA SCEIMHLITHEOIREACHTA A CHUR DE CHÚRAM AR AN IONCHÚISITHEOIR POIBLÍ EORPACH

'Lena chois sin, aontaím go bhfuil bunús maith ann a iarraidh ar an Ionchúisitheoir Poiblí Eorpach nua coireanna sceimhlitheoireachta trasteorann a ionchúiseamh.'

Tionscnaimh atá le seoladh agus súil ar 2025, mar a leag an tUachtarán Juncker amach iad ina Litir Intinne an 13 Meán Fómhair 2017

'Teachtairacht maidir leis an bhféidearthacht cúraimí Oifig nua an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a leathnú chun an comhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta a chuimsiú, ar bhonn Airteagal 86(4) CFAE.'

Le hAirteagal 86(4) CFAE déantar foráil don fhéidearthacht cur le hinniúlachtaí an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, a bhí teoranta ón gcéad lá riamh don chomhrac i gcoinne na calaoise is dochar do bhuiséad an Aontais, ionas go mbeidh ar a chumas coireanna sceimhlitheoireachta trasteorann a ionchúiseamh. Bheadh ar an gComhairle Eorpach cinneadh d'aon toil a dhéanamh faoi sin tar éis toiliú Pharlaimint na hEorpa a fháil agus tar éis di dul i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach.

€ AN TAONTAS EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAÍOCHTA A NEARTÚ

‘Táim den tuairim gur cheart go dtiocfadh anois, de réir a chéile, Ciste Airgeadaíochta Eorpach as SCE, ach go gcaithfidh rialacha agus inniúlachtaí an Aontais Eorpaigh a bheith ina ndlúthchuid de.’

Tionscnaimh atá le seoladh agus súil ar 2025, mar a leag an tUachtarán Juncker amach iad ina Litir Intinne an 13 Meán Fómhair 2017

- An Sásra Cobhsaíochta Eorpach a athrú i gCiste Airgeadaíochta Eorpaigh
- Líne bhuiséid ar leith don limistéar euro a chruthú i mbuiséad an Aontais Eorpaigh, lena ndéanfar foráil maidir le ceithre fheidhm: (1) cúnaimh um athchóiriú struchtúrach, (2) feidhm chobhsaíochta, (3) cúlstop don Aontas Baincéireachta, agus (4) ionstraim chóineasaithe chun cúnaimh réamhaontachais a thabhairt do na Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro
- Substaint an Chonartha ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a ionchorprú i ndlí an Aontais

CISTE AIRGEADAÍOCHTA EORPACH

An 6 Nollaig, déanfaidh an Coimisiún togra maidir le Ciste Airgeadaíochta Eorpach a dhéanamh den Sásra Cobhsaíochta Eorpach de bhun creat Dhlí an Aontais, ar bhonn **Airteagal 352 CFAE**.

LÍNE BHUISÉID LIMISTÉIR EURO LAISTIGH DE BHUISÉAD AN AONTAIS EORPAIGH

Déanfaidh an Coimisiún togra maidir le líne bhuiséid a chruthú don limistéar euro i gcomhthéacs an ghnáthnóis bhuiséadaigh faoi chuimsiú na gConarthaí trí bhuiséad leasaitheach.

COBHSÁIOCHT, COMHORDÚ AGUS RIALACHAS

In **Airteagal 16 den Chonradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (TSCG)**, a tháinig i bhfeidhm mí Eanáir 2013 tar éis do na Ballstáit is sinitheoirí (shínigh gach Ballstát ach amháin an Ríocht Aontaithe, Poblacht na Seice agus an Chróit an Conradh seo) é a dhaingniú, leagtar síos nach foláir substaint an Chonartha seo a ionchorprú i ndlí an Aontais faoi 2018.

Mar atá leagtha amach i Litir Intinne an Uachtaráin Juncker, déanfaidh an Coimisiún togra maidir leis seo ar bhonn **Airteagal 126(14) CFAE** ag cur san áireamh dó an tsolúbthacht ar cuid den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis í atá á cothú ag an gCoimisiún Eorpach ó mhí Eanáir 2015 i leith.



AN CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL

‘Gné thábhachtach den Treochlár is ea na pleananna buiséadacha a dhéanfaidh an Coimisiún a thíolacadh i mí na Bealtaine 2018. Arís eile, tá rogha againn ina leith sin: an méid a theastaíonn ón Aontas Eorpach a bhaint amach, tabharfaimid faoi sin faoi chuimsiú docht an bhuiséid atá againn faoi láthair, nó cuirfimid le buiséad an Aontais Eorpaigh ionas gur fearr is féidir an méid sin a bhaint amach. Is í an dara rogha an rogha is ansa liom.’

I mí na Bealtaine 2018, déanfaidh an Coimisiún togra le haghaidh an Chreata nua Airgeadais Ilbhliantúil i ndiaidh 2020 ar bhonn **Airteagal 312(2) CFAE**.



AISTRÍÚ CHUIG AONTAS IOMLÁN COSANTA

'Agus anuas air sin, teastaíonn uaim tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh i réimse na cosanta. Ní fada anois go mbeidh Ciste Eorpach Cosanta nua againn. Agus, lena chois sin, tá buanstruchtúr comhair i réimse na cosanta ar na bacáin. Teastaíonn Aontas Cosanta Eorpach lámfheidhmeach uainn faoi 2025.'

BUANCHOMHAR STRUCHTÚRTHA

Le hAirteagal 42(6) CAE déantar foráil don fhéidearthacht grúpa Ballstát atá ar aon intinn le chéile agus a bhfuil na hacmhainní oibríochtúla is gá acu an chéad leibhéal eile a bhaint amach i dtaca le cosaint na hEorpa de trí aistriú ón meascán mearaí den chomhar míleata déthaobhach agus iltaobhach atá ann faoi láthair go cineálacha comhtháthúcháin i réimse na cosanta atá níos éifeachtúla.

AONTAS COSANTA COMHCHOITEANN

Le hAirteagal 42(2) CAE déantar foráil maidir le comhbheartas cosanta an Aontais a chumadh go comhleanúnach. Tiocfaidh Aontas Cosanta Comhchoiteann as sin nuair a chinnfidh an Chomhairle Eorpach amhlaidh, ag gníomhú di d'aon toil. A bhúí leis sin, urramófar go hiomlán na hoibleagáidí uile atá ar na Ballstáit i leith ECAT.



SCHENGEN A THABHAIRT I gCRÍCH

'Má theastaíonn uainn ár dteorainneacha seachtracha a chosaint agus iad a neartú a thuilleadh, agus a chúis sin againn, is gá dúinn ligean don Bhulgáir agus don Rómáin teacht isteach i limistéar saorghluaiseachta Schengen láithreach bonn.'

'Ba cheart dúinn cead a thabhairt don Chróit bheith ina ball iomlán de limistéar Schengen freisin ach na critéir uile is gá chuige sin a bheith comhlíonta.'

Maidir le cinntí faoi limistéar Schengen a mhéadú, ní foláir do Bhallstáit uile na Comhairle iad a ghlacadh d'aon toil ar bhonn **Phrótocal Uimh. 19 de na Conarthaí agus d'acquis Schengen**, ach meastóireacht dhearfach a bheith déanta ag an gCoimisiún roimhe sin ar na critéir aontachais. Rinneadh meastóireacht dhearfach ar an mBulgáir agus an Rómáin in 2009 agus 2010, ina léirítear go bhfuil na critéir is gá dóibh a chomhlíonadh le bheith ina mball de limistéar Schengen comhlíonta acu. Dá bhrí sin, tá an Coimisiún ag tacú le haontachas iomlán an dá Bhallstát seo le limistéar Schengen.

Rinneadh meastóireacht in 2016 ar an dul chun cinn atá déanta ag an gCróit maidir leis na critéir is gá di a chomhlíonadh le bheith ina ball de limistéar Schengen. I gcás réimsí áirithe tá na critéir is gá á gcomhlíonadh cheana féin ag an gCróit; sna réimsí eile is gá di tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh. Is gá fós an mheastóireacht ar Chóras Faisnéise Schengen a thabhairt chun críche faoi mhí Dheireadh Fómhair 2017, agus fillfear ar shaincheisteanna a bhaineann le réimse na dteorainneacha seachtracha i mí na Samhna 2017. A luaithe a chomhlíonfar na coinníollacha uile, cuirfidh an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh aontachas na Cróite le limistéar Schengen.



AN LIMISTÉAR EURO A THABHAIRT I gCRÍCH

‘Bhíothas ag súil leis ón tús gur airgeadra aonair an Aontais Eorpaigh ina iomláine a bheadh in airgeadra an euro. Tá teideal ag an uile Bhallstát, cé is moite de phéire díobh, ar theacht isteach sa limistéar euro, agus ceangal orthu sin a dhéanamh, ach na coinníollacha a chomhlíonadh.’

Tá ceangal ar na Ballstáit uile, ach amháin dhá cheann díobh (an Danmhairg agus an Ríocht Aontaithe), an euro a ghlacadh agus dul isteach sa limistéar euro. Ina cheann sin, dhearbhaigh 16 Bhallstát (an Bheilg, an Bhulgáir, an Ghearmáin, an Ghréig, an Spáinn, an Iodáil, an Chipir, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ostair, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin agus an tSlóvaic) go sainráite i **nDearbhú Uimh. 52 CFAE** gurb é an euro airgeadra an Aontais Eorpaigh.

Níl an Bhulgáir, an Chróit, Poblacht na Seice, an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin ná an tSualainn sa limistéar euro fós ach tá ceangal orthu faoi na Conarthaí dul isteach ann a luaithe a bheidh na coinníollacha ina leith comhlíonta acu. “Ballstáit a bhfuil maolú acu” a thugtar orthu sin. Maolú sealadach atá ann agus cuirfear deireadh leis ach na critéir um chóineasú a leagtar amach in **Airteagal 140 (1) CFAE** a bheidh comhlíonta acu.

Déanann an Coimisiún Eorpach agus an Banc Ceannais Eorpach measúnú ar thíortha gach re bliain féachaint an bhfuil na critéir sin á gcomhlíonadh acu. I mí na Bealtaine 2018 a dhéanfar an chéad mheastóireacht eile.



AN TAONTAS BAINCÉIREACHTA A THABHAIRT I gCRÍCH

‘Má theastaíonn uainn bainc a bheith ann a oibríonn faoi na rialacha céanna agus an chórais maoirseachta chéanna fud fad na hEorpa, ba cheart dúinn a áitiú ar na Ballstáit uile teacht isteach san Aontas Bancéireachta.’

Is comhaltaí den Aontas Bancéireachta na tíortha uile atá sa limistéar euro agus na Ballstáit sin a roghnaigh bheith rannpháirteach ann. Tír ar bith a ghlacfaidh an euro feasta fágfaidh sin í ina comhalta den Aontas Bancéireachta freisin.

Is féidir leis na tíortha nach bhfuil sa limistéar euro dul isteach ann trí dhlúthchomhar a dhéanamh leis an mBanc Ceannais Eorpach, ina cháilíocht mar mhaoirseoir, is é sin le rá leis an Sásra Maoirseachta Aonair. Is le cinneadh

ón mBanc Ceannais Eorpach a bhunófar an dlúthchomhar sin, arna fhógairt don tír lena mbaineann nach bhfuil sa limistéar euro, agus ar chuntar go gcomhlíontar sa tír sin coinníollacha dochta maidir le malartú faisnéise agus le bearta maoirseachta a bheith de chineál ceangailteach.

Sa Danmhairg agus sa tSualainn cuireadh tús i samhradh 2017 le plé náisiúnta i dtaobh na tíortha sin a dhul isteach san Aontas Bancéireachta.



AN TAONTAS EORPACH A MHÉADÚ

‘Más uainn tuilleadh cobhsaíochta a chothú sa chomharsanacht seo againne ní foláir dúinn an pheirspictíocht cheart a bheith againn freisin ar an méadú maidir leis na Balcáin Thiar.’

Tionscnaimh atá le seoladh agus súil ar 2025, mar a leag an tUachtarán Juncker amach iad ina Litir Intinne an 13 Meán Fómhair 2017

‘Straitéis maidir leis an tSeirbia agus le Montainéagró, na tíortha atá ar bharr liosta na n-iarrthóirí sna Balcáin Thiar, a thabhairt isteach san Aontas (Feabhra 2018).’

Faoi **Airteagal 49 CAE** is féidir le tír ar bith san Eoraip iarratas a dhéanamh le bheith ina Bhallstát den Aontas ar choinníoll go bhfuil luachanna an Aontais á n-urramú aige agus go bhfuil sé tiomanta iad

a chur chun cinn. A luaithe a bheidh an chaibidlíocht faoi na caibidlí uile tugtha i gcrích, déanfar na téarmaí agus na coinníollacha – lena n-áirítear clásail cosanta agus socrúithe idirthréimhseacha a d’fhéadfadh a bheith ann – a chorprú i gconradh aontachais idir Ballstáit an Aontais agus an tír is iarrthóir.

Ní fhéadfadh an conradh aontachais a shíniú go dtí go dtoileoidh an Pharlaimint leis agus go ndéanfaidh an Chomhairle é a fhorghnó d’aon toil. Ansin cuirtear chuig na Ballstáit é lena dhaingniú i gcomhréir lena gceanglais bhunreachtúla féin (i.e. daingniú sa pharlaimint nó trí reifreann).

Tá sé aitheanta ag an gCoimisiún gur ag Montainéagró agus an tSeirbia atá an tosaíocht faoi láthair ós iad sin amháin, as measc na n-iarrthóirí uile ó na Balcáin Thiar, atá i mbun caibidlíocht i dtaobh an aontachais. Leanfaidh an tAontas Eorpach den chaidreamh atá aige leis na comhpháirtithe uile sna Balcáin Thiar, agus neartóidh sé an caidreamh sin, chun tacú leo ballraíocht a bhaint amach san Aontas.



AN PRÍOMHIARRTHÓIR A CHOINNEÁIL

‘Más áil libh daonlathas na hEorpa a neartú, ní féidir an méid beag dul chun cinn daonlathach a rinneadh go dtí seo trínar roghnaíodh príomhiarrthóirí, ar a dtugtar ‘Spitzenkandidaten’, a chur ar gcúl. Agus ba mhian liom go ndéanfaí sin athuair.’

Tá sé ráite in **Airteagal 17(7) CAE** nach foláir don Chomhairle Eorpach na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa a chur san áireamh nuair a bheidh uachtarán nua ar an gCoimisiún Eorpach á mholadh aici. Déanfar an cinneadh trí thromlach cáilithe agus ina dhiaidh sin ní foláir do Pharlaimint na hEorpa an t-iarrthóir a thoghadh, ag gníomhú di trí thromlach dá feisirí.

Sin é an nós imeachta a bhí i réim i ndiaidh thoghchán Eorpach 2014. Ba é an tUachtarán Juncker príomhiarrthóir an pháirtí pholaitiúil ag a raibh an líon ba mhó vótaí; mhol an Chomhairle Eorpach é agus thogh Parlaimint na hEorpa ansin é ina Uachtarán ar an gCoimisiún Eorpach.



LIOSTAÍ TRASNÁISIÚNTA

‘Ní shílím gur drochsmaoineamh é liostaí trasnáisiúnta a úsáid sna toghcháin Eorpacha, ach is feasach mé go bhfuil líon nach beag díbh ar mhalairt intinne liom faoi sin.’

Ar bhonn **Airteagal 14(2) CAE**, is trí chinneadh d’aon toil ón gComhairle Eorpach a ghlacfar comhdhéanamh beacht Parlaimint na hEorpa. Glacadh an cinneadh is déanaí maidir le cionroinnt na hionadaíochta i mí an Mheithimh 2013, sa tréimhse díreach sula ndearnadh Ballstát den Chróit – an 28ú Ballstát den Aontas.

Aitheasc an Uachtaráin Juncker ar Staid an Aontais an 13 Meán Fómhair 2017

Míniú

Ba ghá don uile Bhallstát na liostaí trasnáisiúnta a dhaingniú. Le **hAirteagal 223(1) CFAE**, leagtar síos an chaoi ar féidir liostaí trasnáisiúnta a tharraingt suas nó aon athruithe eile ar Pharlaimint na hEorpa a dhéanamh.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, agus le toiliú thromlach na bhFeisirí, forálacha nua a leagan síos maidir leis an gcaoi a dtoghtar Feisirí. Ní thiocfaidís i bhfeidhm go dtí go mbeadh na leasuithe daingnithe ag gach Ballstát i gcomhréir lena gceanglais bhunreachtúla féin.

Is é seo an t-aon smaoineamh a chuir an tUachtarán Juncker chun cinn ina Aitheasc nár ghá athrú a dhéanamh ar na Conarthaí ina chomhair; is leor é a chur faoi bhráid na mBallstát uile lena dhaingniú. Is ar an ábhar sin a léirigh an tUachtarán bá leis an smaoineamh ach nach ndeachaigh sé thairis sin.



TUILLEADH ÉIFEACHTÚLACHTA A BHAINT AMACH SAN AONTAS

'Éifeachtúlacht atá uaim. Ba cheart don Choimisinéir do Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais, a bheidh ina Leas-Uachtarán freisin más féidir sin ar chor ar bith, a bheidh ina

Aire Geilleagair agus Airgeadais. Ina theannta sin, ba cheart dó nó di bheidh i gceannas ar an nGrúpa Euro.'

'Is fearr a d'fheidhmeodh an Eoraip dá ndéanfaí ról Uachtarán na Comhairle agus ról Uachtarán an Choimisiúin a chónascadh.'

Tionscnaimh atá le seoladh agus súil ar 2025, mar a leag an tUachtarán Juncker amach iad ina Litir Intinne an 13 Meán Fómhair 2017

'Teachtaireacht maidir le roghanna chun cur leis an éifeachtúlacht i stiúradh an Aontais Eorpaigh.

Teachtaireacht maidir leis an bhféidearthacht Aireacht bhuan Eorpach Eacnamaíochta agus Airgeadais a bhunú (Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 14) agus na himpleachtaí institiúideacha a leanfadh sin.'

FEIDHMEANNA LEAS-UACHTARÁN AN CHOIMISIÚIN AGUS UACHTARÁN AN GHRÚPA EURO A CHÓNASCADH

Le **hAirteagal 2 de Phrótacal 14 de Chonradh Liospóin** leagtar síos gurb é tromlach Airí na mBallstát sin atá sa limistéar euro a thoghann Uachtarán an Ghrúpa Euro. Ní gá gur Aire Airgeadais de chuid Ballstáit an té a thoghtar.

FEIDHMEANNA UACHTARÁN AN CHOIMISIÚIN AGUS UACHTARÁN NA COMHAIRLE EORPAÍ A CHÓNASCADH

Ar bhonn **Airteagal 17(7) CAE**, is í Parlaimint na hEorpa a thoghann Uachtarán an Choimisiúin, faoi láthair, ag gníomhú di trí thromlach dá comhaltaí, ar thogra ón gComhairle Eorpach, ag gníomhú don Chomhairle sin trí thromlach cáilithe agus toradh na dtoghchán Eorpach á chur san áireamh aici. Ar bhonn **Airteagal 15(5) CAE**, déanann an Chomhairle Eorpach Uachtarán na Comhairle Eorpaí a thoghadh trí thromlach cáilithe le haghaidh téarma in-athnuaite a mhaireann 30 mí. Le **hAirteagal 15(6) CAE** leagtar síos nach bhféadfaidh Uachtarán na Comhairle Eorpaí oifig **náisiúnta** a shealbhú, rud a fhágann nach bhféadfaidh an té sin oifig **Eorpach** eile a shealbhú ach oiread.